**An Painéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla**

**Seisiún 2**

*10.03.2023-12.03.2023*



An Painéal Saoránach Eorpach

# Saolta fíorúla

Nocht do Thuairim

European Commission

## 1. Forbhreathnú

Is éard atá sa Phainéal Saoránach Eorpach um Shaolta Fíorúla painéal ar a bhfuil 150 saoránach a roghnaíodh go randamach, agus atá le teacht le chéile le haghaidh trí sheisiún. Le linn an chéad seisiúin a bhí ar siúl ón 24-26 Feabhra 2023 sa Bhruiséil, cuireadh an topaic os comhair na saoránach agus tógadh fís choiteann den chuma ba cheart a bheith ar shaolta fíorúla inmhianaithe cothroma (útóipe) agus den chuma nár cheart a bheith orthu (diostóipe). Bunaithe ar an obair sin, shainaithin Coiste Eolais an phainéil ceithre théama thrasghearrthacha ar díol spéise iad do na saoránaigh:

1. An geilleagar, poist agus gnólachtaí (lena n-áirítear foghlaim agus scileanna)
2. Sábháilteacht agus slándáil (Coireacht — cibearshlándáil; sonraí agus digiteach; sábháilteacht/slándáil phearsanta)
3. Sláinte agus folláine / Comhshaol (meabhairshláinte agus sláinte coirp)
4. An tsochaí: Cuimsitheacht, inrochtaineacht, daonlathas

Tionóladh an dara seisiún den phainéal ar líne idir an 10-12 Márta 2023. Ba é sprioc an tseisiúin seo tosú ag obair ar luachanna agus ar ghníomhaíochtaí a d’fhéadfadh tógáil saolta fíorúla Eorpacha atá cothrom agus inmhianaithe a threorú. Beidh siad sin mar bhonn d’fhorbairt mholtaí deiridh an phainéil le linn an 3ú seisiún agus an seisiún deiridh.

**<u>Lá 1 (Dé hAoine)</u>**

Dé hAoine, chuir an bheirt mhodhnóirí fáilte roimh na saoránaigh ag seisiún iomlánach fíorúil ar ardán Hyperfair. Chuaigh na modhnóirí trí chlár oibre Sheisiún 2 go hachomair leis na saoránaigh, sular thug siad cead cainte do shaineolaithe chun ionchur a fháil maidir le gach ceann de na ceithre thopaic a leanas:

**Bloc Topaicí 1**: An geilleagar, poist agus gnólachtaí (lena n-áirítear foghlaim agus scileanna)

- **Harmen Van Sprang**, Sharing Cities Alliance
- **Eric Marchiol**, Renault

**Bloc Topaicí 2:** Sábháilteacht agus slándáil (Coireacht — cibearshlándáil; sonraí agus digiteach; sábháilteacht/slándáil phearsanta)

- **Mariëtte van Huijstee,** Institiúid Rathenau, an Ísiltír
- **Fabien Bénétou,** Saineolaí neamhspleách WebXR, an Bheilg

**Bloc Topaicí 3:** Sláinte agus folláine / Comhshaol (meabhairshláinte agus sláinte coirp)

- **Sara Lisa Vogl,** Ealaíontóir réaltachta fíorúla, Women in Immersive Technologies Europe, an Danmhairg
- **Bruno Thomas,** The International Consortium of Investigative Journalists

**Bloc Topaicí 4**: An tsochaí: Cuimsitheacht, inrochtaineacht, daonlathas

- **Elisa Lironi**, Seirbhís Gnímh na Saoránach Eorpach
- **Matthias C. Kettemann**, Leibniz Institut

Tar éis na n-ionchur sin, chuir **Yvo Volman,** Stiúrthóir Sonraí, AS CONNECT, Dearbhú maidir le cearta digiteacha agus prionsabail dhigiteacha an Aontais i láthair na saoránach.

**<u>Lá 2 (Dé Sathairn)</u>**

Dé Sathairn, d’oibrigh na saoránaigh i 12 mheitheal chomhthreomhara a ndearnadh ateangaireacht chomhuaineach orthu, agus rinne éascaitheoirí cleachta iad a éascú. Le linn **an chéad bhabhta**, d’oibrigh gach grúpa ar an Dearbhú maidir le cearta digiteacha agus prionsabail dhigiteacha an Aontais agus shainaithin siad na trí luach is tábhachtaí dóibh. Le linn **an dara babhta**, sannadh gach bloc topaicí do thrí mheitheal ar iarradh orthu suas le trí réimse gníomhaíochtaí a cheapadh a d’fhéadfadh cabhrú le baint amach na saolta fíorúla inmhianaithe cothroma. Ón **tríú babhta go dtí an cúigiú babhta,** d’fhorbair na grúpaí aiseolas ar na bloic topaicí eile. Chun é sin a dhéanamh, chuir éascaitheoir na pointí gníomhaíochta a d’fhorbair grúpa roimhe sin i láthair. Ansin bhailigh an grúpa is faighteoir moltaí, tuairimí agus ceisteanna faoi na pointí gníomhaíochta sin ar feadh uair an chloig, sular bhog siad chuig bloc nua topaicí.

**Sceideal uainíochta:**

| | Babhta 1 (luachanna) | Babhta 2 (pointí gníomhaíochta) | Babhta 3 (aiseolas 1) | Babhta 4 (aiseolas 2) | Babhta 5 (aiseolas 3) |
|---|---|---|---|---|---|
| **Grúpa 1** | Ginearálta | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas |
| **Grúpa 2** | Ginearálta | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas |
| **Grúpa 3** | Ginearálta | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas |
| **Grúpa 4** | Ginearálta | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna |
| **Grúpa 5** | Ginearálta | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna |
| **Grúpa 6** | Ginearálta | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna |
| **Grúpa 7** | Ginearálta | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht |
| **Grúpa 8** | Ginearálta | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht |
| **Grúpa 9** | Ginearálta | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht |
| **Grúpa 10** | Ginearálta | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol |
| **Grúpa 11** | Ginearálta | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol |
| **Grúpa 12** | Ginearálta | An tsochaí: Cuimsiú, rochtain, daonlathas | An geilleagar; poist; gnó; foghlaim agus scileanna | Sábháilteacht agus Slándáil; duine; sonraí; coireacht | Sláinte; meabhairshláinte agus sláinte coirp; comhshaol |

**Lá 3 (Dé Domhnaigh)**

Maidin Dé Domhnaigh, fuair na grúpaí an t-aiseolas a bailíodh Dé Sathairn, sular thug siad chun críche na luachanna agus na réimsí gníomhaíochta ar ar thosaigh siad ag obair Dé Sathairn.

Tar éis sos caife, bhailigh na saoránaigh go léir le chéile sa seisiún iomlánach fíorúil. Ar an gcéad dul síos, thug Leas-Stiúrthóir AS CONNECT, Renate Nikolay, cúlra breise do na saoránaigh maidir le hobair leanúnach an Choimisiúin. Ansin, ionadaithe a roghnaíodh go randamach ó gach bloc topaicí, chuir siad a gcuid pointí gníomhaíochta i láthair. D'fhreagair beirt chomhaltaí den Choiste Eolais, Rehana Schwinninger-Ladak, Ceann Aonaid AS CONNECT, agus Frank Steinicke, Ollscoil Hamburg, Roinn na Faisnéisíochta, do na pointí sin. Thug na príomh-mhodhnóirí ráitis deiridh agus chuir siad clabhsúr ar an imeacht.

## 2. Clár oibre gearr

| **Dé hAoine an 10 Márta – SEISIÚN IOMLÁNACH** | |
|---|---|
| 02:10pm – 02:25pm | Fáilte agus athbhreithniú ar aschur Seisiún 1 |
| 02:25pm – 02:50pm | Plé ar ábhar: An geilleagar, poist, gnó |
| 02:50pm – 03:10pm | Sos |
| 03:00pm – 04:05pm | Plé ar ábhar: Sábháilteacht agus slándáil / Sláinte agus folláine / Comhshaol |
| 04:05pm – 04:25pm | Sos |
| 04:25pm – 04:50pm | Plé ar ábhar: An tsochaí: cuimsiú agus rochtain |
| 04:50pm – 05:10pm | Sos |
| 05:10pm – 05:50pm | Cur i láthair an Dearbhaithe maidir le cearta digiteacha agus prionsabail dhigiteacha an Aontais |
| 05:50pm – 6:10pm | Na chéad chéimeanna eile agus focal scoir |

| **Dé Sathairn an 11 Márta - MEITHLEACHA** | |
|---|---|
| 09:30am – 09:45am | Tógáil na ngrúpaí/aithne a chur ar a chéile |
| 09:45am – 10:45am | Bloc 1: Ár mbunluachanna maidir le Saolta Fíorúla na hEorpa |
| 10:45am – 11:45am | Sos |
| 11:15am – 12:30pm | Bloc 2: Príomhphointí gníomhaíochta le haghaidh THÉAMA 1 |
| 12:30pm – 02:00pm | Sos lóin |
| 02:00pm – 03:05pm | Bloc 3: Aiseolas agus pointí gníomhaíochta le haghaidh THÉAMA 2 |
| 03:05pm – 03:20pm | Sos |
| 03:20pm – 04:25pm | Bloc 4: Aiseolas agus pointí gníomhaíochta le haghaidh THÉAMA 3 |
| 04:25pm – 04:55pm | Sos |
| 04:55pm – 06:00pm | Bloc 5: Aiseolas agus pointí gníomhaíochta le haghaidh THÉAMA 4 |

| **Dé Domhnaigh an 12 Márta — MEITHLEACHA AGUS SEISIÚN IOMLÁNACH** | |
|---|---|
| | **Meitheal** |
| 09:30am – 09:50am | Luachanna a shonrú maidir le saolta fíorúla an Aontais |
| 09:50am – 10:50am | Pointí gníomhaíochta a chomhdhlúthú |
| | **Seisiún Iomlánach** |

| | |
|---|---|
| 11:05am – 11:25am | Cad is AS CONNECT ann? Agallamh le Renate Nikolay |
| 11:25am – 11:35pm | Pobalbhreitheanna aiseolais |
| 11:35pm – 12:15pm | Cur i láthair agus seisiún aiseolais #1 |
| 12:15pm – 12:35pm | Sos |
| 12:35pm – 01:05pm | Cur i láthair agus seisiún aiseolais #2 |
| 01:05pm – 01:15pm | Luachanna shaoránaigh na hEorpa maidir leis an meiteachruinne amach anseo |
| 01:15pm – 01:30pm | Clabhsúr agus focal scoir |

## 3. Liosta na ndaoine acmhainne atá páirteach sa Choiste Eolais

Ghlac na cainteoirí seo a leanas páirt le linn an dara seisiún:

### An Coimisiún Eorpach:

1. **Gaëtane Ricard-Nihoul**, Leas-Cheann Aonaid, Aonad Chomhphlé na Saoránach, an Coimisiún Eorpach
2. **Rehana Schwinninger-Ladak**, Ceann Aonaid, Teicneolaíochtaí Idirghníomhacha, Digitiú don Chultúr agus don Oideachas, AS CONNECT, an Coimisiún Eorpach, Lucsamburg

### Seachtrach:

1. **Fabien Bénétou,** Saineolaí neamhspleách WebXR, an Bheilg
2. **Cathrine Hasse,** Ollscoil Aarhus, an Roinn Oideachais, an Danmhairg
3. **Frank Steinicke,** Ollscoil Hamburg, Roinn na Faisnéisíochta, an Ghearmáin
4. **Mariëtte Van Huijstee,** Institiúid Rathenau, an Ísiltír
5. **Sara Lisa Vogl,** Ealaíontóir réaltachta fíorúla, Women in Immersive Technologies Europe, an Danmhairg